29.9.2023 A9-0271/106

**Leasú 106**
**Martin Hojsík**
thar ceann an Ghrúpa Renew

**Tuarascáil** **A9-0271/2023**
**Maria Spyraki**
Aicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán
(COM(2022)0748 – C9-0433/2022 – 2022/0432(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**
Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008
Airteagal 5 – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) in Airteagal 5, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***'3a. Ní bheidh feidhm ag mír 3 maidir le substaintí ina bhfuil níos mó ná comhábhar amháin de thionscnamh luibheolaíoch inathnuaite nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach ná go géiniteach gan dochar do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1107/[1a] ná do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. [1b]*** |
| | ***_________________*** |
| | ***[1a] Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle*** |
| | ***[1b] Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid*** |

Or. en


Aontaithe san éagsúlacht

**Leasú 107**
**Martin Hojsík**
thar ceann an Ghrúpa Renew

**Tuarascáil** **A9-0271/2023**
**Maria Spyraki**
Aicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán
(COM(2022)0748 – C9-0433/2022 – 2022/0432(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe -1 (nua)**
Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008
Iarscríbhinn II – Cuid 3 – Roinn 3.1.1.1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1 i gCuid 3, leasaítear Roinn 3.1.1.1 mar a leanas:*** |
| Maidir le pacáistiú den uile toilleadh ina bhfuil substaint nó meascán a sholáthraítear don phobal i gcoitinne, agus ar substaint nó meascán é atá aicmithe mar ghéarthocsaineach, catagóirí 1 go 3, le tocsaineacht sain-spriocorgáin (STOT) – aon nochtadh amháin i gcás chatagóir 1, STOT – ilnochtadh de chatagóir 1, nó le creimeadh craicinn de chatagóir 1, déanfar iad a fheistiú le ceanglóirí atá doscaoilte ag leanaí. | "3.1.1.1. Maidir le pacáistiú den uile toilleadh ina bhfuil substaint nó meascán a sholáthraítear don phobal i gcoitinne, agus ar substaint nó meascán é atá aicmithe maidir le géarthocsaineacht, catagóirí 1 go 3, le tocsaineacht sain-spriocorgáin (STOT) – aon nochtadh amháin i gcás chatagóir 1, STOT – ilnochtadh de chatagóir 1, creimeadh craicinn de chatagóir 1, ***nó damáiste tromchúiseach don tsúil de chatagóir 1 (ar damáiste don tsúil é nach bhfuil iniompaithe go hiomlán)*** déanfar iad a fheistiú le ceanglóirí atá doscaoilte ag leanaí." |

Or. en

*(CE) Uimh. 1272/2008;*